C/2026/2559

5.5.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/2559)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Bœuf de Bazas’

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-0344-AM01 — 11.2.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Bœuf de Bazas’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Níl i gceist leis an t-iarratas ar leasú ar ATFC ‘Boeuf de Bazas’ aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Údarás inniúil an Bhallstáit:

Tuairisc

Cuireadh isteach an roinn 'Údarás inniúil an Bhallstáit' ina bhfuil sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (Institut national de la qualité et de l'origine — INAO) mar údarás inniúil an Bhallstáit.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Grúpa iarrthach

Tuairisc

Leasaíodh an roinn dar teideal 'Grúpa iarrthach' ionas nach bhfuil ann ach sonraí an ghrúpa agus a chomhdhéanamh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Aicme táirge

Tuairisc

Scriosadh an aicme táirgí ón tsonraíocht táirge agus cuireadh an cód Ainmníochta Comhcheangailte ina hionad sa doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Sainiú an limistéir gheografaigh

Tuairisc

Leasaíodh foclaíocht na roinne 'Sainiú an limistéir gheografaigh', ach níor leasaíodh an limistéar geografach féin. Cuireadh liosta na mbardas comhfhreagrach atá ann sa tsonraíocht táirge in ionad liosta na gcantún a luadh ar dtús.

Scriosadh an oibleagáid an t-ainmhí a mharú sa limistéar geografach.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cruthúnas ar thionscnamh an táirge sa limistéar geografach

Tuairisc

Ní mór d'aon oibreoir a bhfuil baint aige le táirgeadh TGFC 'Bœuf de Bazas' iad féin a chur in aithne don ghrúpa chun údarú a fháil. Cuirtear an oibleagáid sin in ionad na hoibleagáide atá ann cheana comhaontú foirmiúil a dhéanamh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Baint - iompar

Tuairisc

Ar chúiseanna a bhaineann le leas ainmhithe, teorannú struis agus inrianaitheacht conablach, tá teorainn leis an am iompair.

Is é 4 uair an chloig an uastréimhse iompair idir an gabháltas agus an seamlas.

Má théann na hainmhithe trí ionad tionóil:

— Is é 4 uair an chloig an uastréimhse iompair idir an gabháltas agus an t-ionad tionóil.

— Is é 4 uair an chloig an uastréimhse iompair idir an t-ionad tionóil agus an seamlas.

Is é 1 lá amháin an uastréimhse idir aistriú na n-ainmhithe ón ngabháltas nó ón ionad tionóil agus an marú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Nasc

Tuairisc

Atheagraíodh an roinn 'Nasc' den tsonraíocht táirge sna foranna seo a leanas: 'Sainiúlacht an limistéir gheografaigh', 'Sainiúlacht an táirge' agus 'Nasc cúisíoch'.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Comhlacht cigireachta

Tuairisc

Leasaíodh an roinn 'Comhlacht cigireachta' i gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta arb é is aidhm dóibh an chaoi a ndréachtaítear sonraíochtaí táirge a chomhchuibhiú ionas nach bhfuil inti ach ainm agus sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta inniúil (INAO – Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta agus DGCCRF – Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht, um Ghnóthaí Tomhaltóra agus um Chalaois a Chosc).

Féadfaidh INAO ainm agus sonraí teagmhála an chomhlachta deimhniúcháin a sholáthar.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Lipéadú

Tuairisc

Forlíonadh na forálacha atá ann cheana leis an oibleagáid an méid seo a leanas a áireamh sa réimse radhairc céanna:

— ainm cláraithe an táirge: 'Bœuf de Bazas'

— lógó TGFC an Aontais Eorpaigh

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais náisiúnta

Tuairisc

Leasaíodh an roinn dar teideal 'Ceanglais náisiúnta' i gcomhréir le hathruithe ar an reachtaíocht agus ar na rialacha náisiúnta. Cuirtear i láthair í i bhfoirm tábla ina dtaispeántar na príomh-mhíreanna atá le seiceáil agus na modhanna meastóireachta atá le húsáid.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Bœuf de Bazas’

Uimhir thagartha AE: PGI-FR-0344-AM01 — 11.2.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Bœuf de Bazas’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

02 — FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Eallach Bazadaise nó Blonde d’Aquitaine nó crosantaigh idir an dá phór sin.

Feoil úr: conablaigh iomlána, cliatháin, ceathrúna, gearrthacha.

Aois mharaithe:

— Bodóga: nach lú ná 30 mí — nach mó ná 48 mí

— Ba: nach lú ná 36 mhí — nach mó ná 108 mí

— Bulláin: nach lú ná 36 mhí — nach mó ná 60 mí

Saintréithe an chonablaigh:

— Íosmheáchan:

  — 300 kg i gcás bodóg agus bó

  — 380 kg i gcás bullán

— Aicmí crutha E, U, R

— Scór saille 3 nó 4

— Gan aon ghearradh saille seachtraí le haghaidh conablach ag a bhfuil scór saille 3 agus gearradh páirteach le haghaidh na gconablach sin ag a bhfuil scór saille 4

— Dath na feola: dearg geal

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tarlaíonn breith, tógáil agus ramhrú na n-ainmhithe i limistéar geografach TGFC 'Bœuf de Bazas'.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Anuas ar an bhfaisnéis éigeantach dá bhforáiltear sa reachtaíocht maidir le bia-earraí a lipéadú agus a chur i láthair, bíonn na nithe seo a leanas ar an lipéadú sa réimse céanna radhairc:

— ainm cláraithe an táirge: 'Bœuf de Bazas'

— lógó TGFC an Aontais Eorpaigh

Ní mór réimse faisnéise ina dtugtar mionsonraí do thomhaltóirí faoi shaintréithe an táirge a bheith ar an lipéadú:

— an cineál ainmhí

— uimhir aitheantais an ainmhí,

— uimhir aitheantais an chonablaigh (uimhir an tseamlais), i gcás inarb iomchuí

— dáta breithe

— pór

— ainm agus seoladh an fheirmeora

— dáta an mharaithe

— meáchan an chonablaigh

— aicmiú

— ainm an choinsíní

Gabhann an deimhniú seo leis an gconablach, cliathán nó ceathrú go dtí go ndíoltar leis an tomhaltóir é.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Rugadh, tógadh agus ramhraíodh na hainmhithe i limistéar geografach TGFC 'Bœuf de Bazas', arb é atá ann críoch roinn Gironde agus críoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2025:

Gers

Bardais a áirítear ina n-iomláine:

Arblade-le-Bas, Arblade-le-Haut, Aurensan, Ayzieu, Barcelonne-du-Gers, Bascous, Bernède, Bétous, Bourrouillan, Bretagne-d'Armagnac, Campagne-d'Armagnac, Castex-d'Armagnac, Caumont, Caupenne-d'Armagnac, Cazaubon, Corneillan, Courrensan, Cravencères, Dému, Eauze, Espas, Estang, Gée-Rivière, Labarthète, Lannemaignan, Lannepax, Lanne-Soubiran, Lannux, Larée, Laujuzan, Le Houga, Lelin-Lapujolle, Lias-d'Armagnac, Loubédat, Luppé-Violles, Magnan, Manciet, Marguestau, Mauléon-d'Armagnac, Maulichères, MaumussonLaguian, Maupas, Monclar, Monguilhem, Monlezun-d'Armagnac, Mormès, Mourède, Nogaro, Noulens, Panjas, Perchède, Projan, Ramouzens, Réans, Sainte-Christie-d'Armagnac, Saint-Germé, Saint-Grède, Saint-Martin-d'Armagnac, Saint-Mont, Salles-d'Armagnac, Séailles, Ségos, Sion, Sorbets, Tarsac, Toujouse, Urgosse, Vergoignan, Verlus, Viella.

Is iad a leanas na bardais a áirítear i bpáirt amháin:

Riscle (an chuid a chomhfhreagraíonn do chríoch an bhardais sin amháin sular cumascadh í le bardas Cannet an 1 Eanáir 2019).

Landes

Aire-sur-l'Adour, Arboucave, Arengosse, Argelouse, Artassenx, Arthez-d'Armagnac, Arue, Arx, Audon, Aureilhan, Bahus-Soubiran, Bascons, Bats, Baudignan, Bégaar, Belhade, Bélis, Benquet, Betbezer-d'Armagnac, Beylongue, Bias, Biscarrosse, Bordères-et-Lamensans, Bostens, Bougue, Bourdalat, Bourriot-Bergonce, Bretagne-de-Marsan, Brocas, Buanes, Cachen, Callen, Campagne, Campet-et-Lamolère, Canenx-et-Réaut, Carcarès-Sainte-Croix, Carcen-Ponson, Castandet, Castelnau-Tursan, Cazères-sur-l'Adour, Cère, Classun, Clèdes, Commensacq, Créon-d'Armagnac, Duhort-Bachen, Escalans, Escource, Estigarde, Eugénieles-Bains, Le Frêche, Gabarret, Gaillères, Garein, Gastes, Geaune, Geloux, Gouts, Grenadesur-l'Adour, Haut-Mauco, Herré, Hontanx, Labastide-d'Armagnac, Labouheyre, Labrit, Lacajunte, Lacquy, Laglorieuse, Lagrange, Laluque, Lamothe, Larrivière-Saint-Savin, Latrille, Lauret, Lencouacq, Lesgor, Lesperon, Le Leuy, Liposthey, Losse, Lubbon, Lucbardez-et-Bargues, Lüe, Luglon, Lussagnet, Luxey, Maillas, Maillères, Mano, Mauries, Maurrin, Mauvezin-d'Armagnac, Mazerolles, Meilhan, Mézos, Mimizan, Miramont-Sensacq, Mont-de-Marsan, Montégut, Morcenx-la-Nouvelle, Moustey, Onesse-Laharie, Ousse-Suzan, Parentis-en-Born, Parleboscq, Payros-Cazautets, Pécorade, Perquie, Philondenx, Pimbo, Pissos, Pontenx-les-Forges, Pontonx-sur-l'Adour, Pouydesseaux, Pujo-le-Plan, Puyol-Cazalet, Renung, Retjons, Rimbez-et-Baudiets, Rion-des-Landes, Roquefort, Sabres, Saint-Agnet, Saint-Avit, Saint-Cricq-Villeneuve, Sainte-Eulalie-en-Born, Sainte-Foy, Saint-Gein, SaintGor, Saint-Julien-d'Armagnac, Saint-Justin, Saint-Loubouer, Saint-Martin-d'Oney, SaintMaurice-sur-Adour, Saint-Paul-en-Born, Saint-Perdon, Saint-Pierre-du-Mont, Saint-Yaguen, Samadet, Sanguinet, Sarbazan, Sarron, Saugnac-et-Muret, Le Sen, Solférino, Sorbets, Sore, Souprosse, Tartas, Trensacq, Uchacq-et-Parentis, Urgons, Vert, Vielle-Soubiran, VielleTursan, Le Vignau, Villenave, Villeneuve-de-Marsan, Ychoux, Ygos-Saint-Saturnin.

Lot-et-Garonne

Agmé, Allons, Antagnac, Anzex, Argenton, Auriac-sur-Dropt, Baleyssagues, Beaupuy, Beauziac, Birac-sur-Trec, Bouglon, Boussès, Cambes, Casteljaloux, Castelnau-sur-Gupie, Caubon-Saint-Sauveur, Cocumont, Couthures-sur-Garonne, Durance, Duras, Escassefort, Esclottes, Fauguerolles, Gaujac, Gontaud-de-Nogaret, Grézet-Cavagnan, Guérin, Hautesvignes, Houeillès, Jusix, Labastide-Castel-Amouroux, Lachapelle, Lagupie, Lannes, Lévignac-de-Guyenne, Leyritz-Moncassin, Longueville, Loubès-Bernac, Marcellus, Marmande, Mauvezin-sur-Gupie, Meilhan-sur-Garonne, Mézin, Monteton, MontignacToupinerie, Montpouillan, Moustier, Pardaillan, Pindères, Pompogne, Poudenas, Poussignac, Puymiclan, Réaup-Lisse, La Réunion, Romestaing, Ruffiac, Saint-Astier, Saint-Avit, SaintBarthélemy-d'Agenais, Sainte-Bazeille, Sainte-Colombe-de-Duras, Sainte-Gemme-Martaillac, Saint-Géraud, Saint-Jean-de-Duras, Saint-Martin-Curton, Saint-Martin-Petit, Sainte-Maurede-Peyriac, Saint-Pardoux-du-Breuil, Saint-Pé-Saint-Simon, Saint-Pierre-sur-Dropt, SaintSauveur-de-Meilhan, Saint-Sernin, Sauméjan, La Sauvetat-du-Dropt, Savignac-de-Duras, Seyches, Sos, Soumensac, Taillebourg, Villefranche-du-Queyran, Villeneuve-de-Duras, Virazeil.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas:

☑ clú

☐ cáilíocht áirithe

☑ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Saintréith shainiúil

Cuireann aeráid mhuirí an limistéir (geimhrí séimhe, báisteach rialta le linn na bliana agus neart gréine) ar chumas feirmeoirí an féarthalamh a úsáid mar mhóinéir nádúrtha nó shealadacha agus a dtréada a chur ag innilt ar feadh níos mó ná leath den bhliain.

Is iad na pórtha a úsáidtear chun 'Bœuf de Bazas' a tháirgeadh na pórtha a shaothraítear go traidisiúnta sa limistéar, agus is pórtha áitiúla iad an Bazadaise agus an Blonde d'Aquitaine araon.

Clú:

Téann an téarma 'Bœuf de Bazas' siar chomh fada leis an 13ú haois, nuair a úsáideadh é chun tagairt a dhéanamh do na pórtha mairteola áitiúla is fearr a tógadh sa limistéar timpeall bhaile Bazas.

Leis an *fête des bœufs gras*, mórshiúl traidisiúnta eallaigh Bazadaise ar an Déardaoin carnabhail, caomhnaíodh an cháil atá ar 'Bœuf de Bazas' ó bhí an 13ú haois ann. Tá stair gan bhriseadh ag an bhféile agus bhí sí fós á reáchtáil fiú nuair a bhí sí faoi bhagairt (faoi *ancien régime*). Ramhraíodh agus díoladh an t-eallach oibre ansin, go príomha ar an margadh in Bazas.

Sa lá atá inniu ann, tá an cháil atá ar 'Bœuf de Bazas' fós chomh láidir agus a bhí riamh:

Ar an leibhéal áitiúil:

— Gach bliain, ag am carnabhail, tarraingíonn an *fête des bœufs gras* sluaite lucht féachana go Bazas, agus bíonn méadú 30 % ar dhíolacháin ag búistéirí rannpháirteacha le linn na tréimhse sin. Tá an fhéile bunaithe ar cháilíochtaí uathúla agus ar cháil 'Bœuf de Bazas' agus, dá réir sin, cuidíonn sí le clú an táirge a choinneáil ar bun le himeacht ama,

— Tá imeachtaí comhchosúla curtha ar bun ag bardais eile sa limistéar a chumhdaítear leis an TGFC freisin.

Ar an leibhéal náisiúnta:

— Síneann clú an táirge i bhfad níos faide ná an limistéar áitiúil. Is féidir sin a léiriú le roinnt samplaí le déanaí: — an t-alt in *Le Figaro* an 16 Feabhra 2003 dar teideal 'le bœuf gras fait son carnaval' (déanann an damh a ramhraítear ceiliúradh ar charnabhal);

— an t-oideas le haghaidh 'croustillant de queue de bœuf de Bazas au foie gras de canard poêlé des landes' (damheireaball brioscánach 'Bœuf de Bazas' le lacha Landes fhriochta foie gras) atá le feiceáil ar chraoladh 'Les escapades de Petitrenaud' ar France 5.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-fd25424d-9c35-4c2a-8c08-f67d97b3e597